

# Úsáid Drugaí i Measc an Daonra Gan Dídean in Éirinn (2005)



Coiste Comhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí

## Taighde arna dhéanamh ag:

Marie Lawless agus Catherine Corr as Cé na gCeannaithe Éireann.

## Aidhm:

Measúnú a dhéanamh ar chineál, fhairsinge agus chomhthéacs na húsáide drugaí i measc daoine atá gan dídean in Éirinn; measúnú a dhéanamh ar an ngaol idir an t-easpa dídine agus úsáid drugaí le béim ar a mhéid is a chuireann an úsáid drugaí leis an easpa dídine agus ar a mhéid is a chuireann an t-easpa dídine leis an úsáid drugaí, agus an úsáid sin a ghéarú.

## Modh:

Tugadh faoi shuirbhé ar dhaoine gan dídean (355) ar fud na hÉireann in éineacht le 14 ghrúpa fócais inar ghlac 64 sholáthraí seirbhíse do dhaoine gan dídean agus d'úsáideoirí drugaí páirt.

## Torthaí Buntábhachtacha:

- Cé nach bhfuil an úsáid drugaí ar an bpríomhchúis go dtéann daoine i riocht a bheith gan dídean, tá sé ina phríomhchúis go bhfanann siad gan dídean. Bhí tromlach na ndaoine sa suirbhé (61%) gan dídean le breis is cúig bliana.
- Is iad na cúiseanna is coitianta go ndeachaigh daoine i riocht a bheith gan dídean ná: 1) achrann sa teaghlach (24%), 2) úsáid drugaí (19%), agus 3) mí-úsáid alcóil (13%).
- Tá rochtain ar thithíocht, fadhbanna airgid, achrann sa teaghlach agus úsáid leanúnach alcóil ar chúiseanna eile go bhfanann daoine gan dídean.
- Bhí leitheadúlacht na húsáide drugaí laistigh den daonra gan dídean ard, agus bhí rátaí leitheadúlachta i gcaitheamh a saoil (74%), le déanaí (64%) agus faoi láthair (52%) cuid mhaith níba airde ná iad siúd a fuarthas sa daonra ginearálta (19%, 6% agus 3% faoi seach);
- Tá an t-alcóil ar an bpríomhdhruga a roghnaítear i measc an daonra gan dídean (70%).
- Tá breis is leathchuid (52%) an daonra gan dídean a bhí sa suirbhé ina n-úsáideoirí drugaí faoi láthair; bhí 36% díobh siúd a bhí sa suirbhé ina n-úsáideoirí fadhbacha drugaí; bhí 19% de dhaonra an staidéir ag instealladh drugaí faoi

láthair, bhí duine as gach beirt díobh seo á n-instealladh i spáis phoiblí; tá go leor ina n-úsáideoirí ildrugaí.

- Bhain tromlach (87%) díobh úsáid as drugaí sula raibh siad gan dídean; bhí breis is dhá dtrian (68%) d'úsáideoirí reatha níba óige ná 16 bliana d'aois nuair a bhain siad úsáid as drugaí den chéad uair agus ba é canabás as an chéad druga ar baineadh úsáid as (76%).
- Bhí 30% de dhaonra an staidéir diagnóisithe le tinneas síciatrach agus bhí 55% díobh i bpríosún.
- Thuairiscigh breis is an tríú cuid d'fhreagróirí gurbh é an aois a bhí siad gan dídean den chéad uair ná 19 mbliana d'aois nó níba óige (38%) agus bhí 11% gan dídean roimh aois 15.

## Moltaí an CCND don Rialtas:

- Ba chóir do gach seirbhís um easpa dídine agus do sheirbhísí drugaí beartais scríofa a fhorbairt lena bhféachtar le húsáideoirí drugaí gan dídean a chur san áireamh ina seirbhísí ar bhealach dearfach. Ba chóir ionadaithe ó sheirbhísí drugaí agus/nó thascfhórsaí drugaí a chur san áireamh i ngach Fóram um Easpa Dídine ar fud na tíre, chun éascú le comhoibriú níos mó idir gníomhaireachtaí. Ba chóir ionadaithe seirbhísí um easpa dídine a chur san áireamh i dTascfhórsaí Réigiúnacha agus Áitiúla ar Dhrugaí.
- I ndáil le cóireáil, is gá samhail an oibrí bhuntábhachtaigh faoi mar a leagadh amach i nGníomh 47 den Straitéis Náisiúnta Drugaí a chur i ngníomh. D'éascódh sé seo le rochtain fheabhsaithe ar chúram sláinte príomhúil. Is gá rochtain ar sheirbhísí cóireála drugaí a fheabhsú freisin. Ní mór riachtanais speisialta teaghlach gan dídean a bhfuil fadhbanna drugaí acu a chur san áireamh, chomh maith lena dtimpeallacht maireachtála, agus raon roghanna seirbhíse á soláthar d'úsáideoirí drugaí gan dídean.
- Is gá leathnú a dhéanamh ar sheirbhísí um díobháil a laghdú, go háirithe, seirbhísí lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre, soláthar giuirléidí agus faisnéise um shláinte phoiblí.
- Ba chóir go gcinnteofaí go mbeifear in ann teacht ar sholáthar leordhóthaineach cóiríochta éigeandála atá cúí agus sobhlúbtha, sheirbhís tacaíochta do thionóntaí agus thithíocht leordhóthaineach shóisialta agus dheonach chun tacú leis an athshlánúchán agus leis an athimeascadh sóisialta. Caithfear tacú níos fearr leis an aistriú ón bpríosún